Mairg do ghríos Giolla Pádruig

[Williams, N. J. A.: *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (Irish Texts Society 51, 1980), poem 11]

1 Mairg do ghríos Giolla Pádruig
gan chion dá ghnúis ghealfhádbhuig,
gruaidh an ghil aird fa asgaidh
- mairg nár dhligh - gur dheargastair.

2 Mairg do ghríos a ghruaidh dtibhrigh
an tseabhaig dheirg dhoinningnigh;
clár finnleargan a aighthe
d'imdheargadh dob anaithne.

3 Is mairg teanga tug deathaigh
tre a ghnúis rioghdha roichreachaigh;
a Dhé, 'na dhigh fam chineadh
dé an fhir do budh aindligheadh.

4 Is neach uainn do-rad, fa-rior,
loisne th'aighthe tre ainbhfior;
gríosadh do ghruadh gcaomh gcrithreach,
mo-nuar, dob aor aindlightheach.

5 Do loisg an náire a aigneadh
an béalchorcra brághaidgheal;
an fhearg ag ruaimneadh a roisg,
an gruaidhgheal dearg is díochoisg.

6 Is beag airighthear dá fheirg
ar a ghlór nó ar a ghaoidheilg;
gudhamhnach gion gur ghailbheach
an dubhfhabhrach donnmhailgheach.

7 Gidh eadh dá n-aorainnse féin
airdrígh Oirthir go haigmhéil,
fan aoir ní fhoil ach moladh
ag soin laoidh dá leasoghadh.

8 Do-ghéan laoidh dá leacain bhuig
mhaolfas goimh Giolla Phádruig;
budh cloch dhearg i ndabhaigh fhuair;
raghaidh a fhearg dá anbhuain.

9 Dá bhfionnadh budh fada a bhuaidh
an té do aor Ó hAnnluain;
ní bhíu ag cleith fhaladh an fhir -
gabhal ar leith an luichtsin.

10 Uirsgéal agamsa ’mun aoir
don fhior tarla gan tathaoir;
ní bhéar gusan ngealchas nglan
acht sgéal bheanfas re bunadh.

11 Toisg do-chuaidh Aithirne ard
i gCúigeadh Mumhan mórgharg,
dár ghríos gruaidh dtaobhúir dtana
go bhfuair aonshúil Eochadha.

12 Dá dtarla ag teacht a Mumhain
abhann gusan ollumhain,
sruth leacach robhalbh rámhach,
Modharn bhreacach bhradánach.

13 Tig is a bhean ma-raon ris
go háth do thoidheacht tairis;
do-chi an bhean bruinne maighre
tre bhuinne mear Modhairne.

14 Tig do mhnaoi an éigis fheithmhigh
mian an éigne óireithrigh;
súr an mhaighre bhaillbhric bháin
faighdhe aimhghlic do fhoráil.

15 Aithnidh díbhse dáil na mban -
cor ’na n-aghaidh ní éadtar;
don fhilidh gér fhaighdhe dhoirbh
siridh maighre ar an Modhoirn.

16 Ón ló nach fuair an file
an t-eo sithe séimhidhe,
aorais Modhuirn ngil ngainmhigh
mir roghuirm fa a ríoghmhaighribh.

17 Iongnadh le Modhairn a-mháin
bheith dá haoradh go héagcáir;
téid an t-eas in éagcruth ann,
do-feas éagnuch na habhann.

18 Tiomsaighis ó bhun go barr
in éinionadh an abhann
gur mheabhaidh an géigeas glan
i ndeaghaidh éigeas Uladh.

19 Do-chíd go díogháir deanmnaigh
chuca an Modhairn móirmheanmnaigh;
[gá buinne dearg budh deinmne?]

fearg uirre re hAitheirne.

20 Do-rinne rithlearg molta
do dhíochor a dásochta;
do-chuala gér bhodhar balbh
uadha a moladh an Mhodharn.

21 Táinig di a ciall ’s a cuimhne
le moladh na Modhuirne;
an maighre rug do roghain,
tug d’fhaighdhe don ollomhain.

22 Do fhágaibh d’fhiachaibh molta
a bradána ballchorcra
gur lán gach riasg uaine úr
uaidhe dá hiasg ar n-iompúdh.

23 Gabhais Modharn an moladh
in íoc coire an ollomhan;
raghaidh laoidh ’na haghaidh uaim
i bhfalaidh aoir Í Annluain.

24 Biaidh leasughadh ar an laoidh,
biaidh tréigean ar an tathaoir;
aoir an ghille ní géabhthar;
budh binne an laoidh leiséaghthar.

25 Aoir ní gheabha neach a-nos;
ní bhí don bhréig acht deanos;
tuile sléibhe ag seacadh sin
nó is eatal gréine geimhridh.

26 Nó is sidhe gaoithe re gleann
toibhéim ar onchoin Éireann;
le sruth i gcéadóir do-chuaidh
guth éagcóir ar Ó nAnnluain.

27 Airéamhad áithis an fhir
i ndiaidh a eangnamh d’áirimh;
a cháineadh do-chóidh tre eas -
ní cóir áireamh a áitheas.

28 Do hairgeadh leis thoir is thiar
puirt Ghall Uladh is Oirghiall;
puirt Ghall Midhe ’s a margadh,
barr Line arna lomargadh.

29 Coiseonaidh re cath Monach
Magh Moirtheimhne míolchonach;

fearfaidh crú Monchaigh ’mun magh
fár thorchair Cú na Ceardchan.

30 Craobh Thulcha fár thuit Eachaidh
airgthe leis do luaithchreachaibh;
Magh Rath do-bhearair gan bhoin
inar mheabhaidh cath Conghoil.

31 Tug ó Chloinn Aodha an fhiadhaigh
creach dob iomnáir d’Oirghiallaibh;
tug a Leath chlachbháin Chathail
creach dob athnáir d’Ultachaibh.

32 Tug creach mhór a Mhuigh Cabha;
biaidh ag cách a chomhramha;
rug sidhe iongnadh san Aird,
fionnMhagh Line do lomairg.